

**Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire  
AN BEARTAS UM THIOMÁINT GO SÁBHÁILTE**

**Leagan: 2 / 10.2023**

**An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁC DL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023**

**An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁC DL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023**

**Síniú:**  (CEO)

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁC DL TÁ / NÍL**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁC DL: TÁ / NÍL**

**Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025**

Uimh. an Bheartais: PL014	Uimhir an Leagain 2 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo: v1/2018	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

# **Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

## **AN BEARTAS UM THIOMÁINT GO SÁBHÁILTE**

Baineann an beartas seo leis na fostaithe go léir a thiomáineann i ndáil lena bhfostaíocht, cibé acu ina bhfeithicil féin (le liúntas míleáiste), i bhfeithicil chuideachta de chuid an BOO. nó i bhfeithicil ama fáil ar cíós ag an BOO.

Ba cheart an beartas seo a léamh in éineacht le “RSA Safe Driving for Work – Driver’s Handbook”

[http://www.rsa.ie/Documents/Driving%20for%20work/Safe\\_Driving\\_for\\_Work\\_Handbook\\_.pdf](http://www.rsa.ie/Documents/Driving%20for%20work/Safe_Driving_for_Work_Handbook_.pdf)

Ní dhéantar comaitéireacht a rangú mar thiomáint don obair ach amháin i gcás nach mór don bhall foirme taisteal óna b(h)aile chuig láthair oibre nach í an ghnáthláthair oibre í.

Baineann rioscaí leis an tiomáint don obair, ní hamháin don tiománaí féin ach dá c(h)uid comhghleacaithe agus don phobal freisin, ar nós coisithe agus úsáideoirí bóthair eile.

### **Aidhm an bheartais seo**

Cultúr na tiomána sábháilte a chur chun cinn laistigh de BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

### **Cuspóirí an bheartais seo**

Tiománaithe a chur ar an eolas faoi na príomhrioscaí a bhíonn rompu nó a chruthaíonn siad agus iad ag tiomáint don obair.

A chinntiú go léiríonn baill foirme a bhíonn ag tiomáint feithicilí i gcúrsa a gcuid oibre scileanna sábháilte, éifeachtúla tiomána i rith an ama, mar aon le dea-nósanna sábháilteachta bóthair eile.

A chinntiú go gcoinníonn baill foirme dea-bhail ar a bhfeithicil agus go gcoinníonn siad glan agus ródacmhainneach í ionas go gcinnteofar an tsábháilteacht is fearr is féidir do thiománaithe, daoine eile san fheithicil agus úsáideoirí bóthair eile.

### **An Cód Iompair**

Is é cód iompair BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ná “Agus iad ag tiomáint chun críoche oibre, ní mór do bhaill foirme cloí leis an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre, a bheith feasach ar shábháilteacht ar bhóithre, tiomáint go sábháilte i rith an ama agus dea-nósanna sábháilteachta

bóthair eile a léiriú.”

### **Iompar sábháilte tiománaí**

Spreagann BOOÁCDL iompar sábháilte tiomána trí:

- Gan íoc as fineálacha as bheith ag tiomáint róthapa nó as fineálacha eile d’fhostaithe
- Cosc a chur ar thiománaithe fón póca a bheith ina lámh acu agus iad ag tiomáint.
- Tiománaithe a spreagadh le sosanna a ghlacadh go rialta ar thurais fhada.
- Fostaithe a spreagadh le hiompar poiblí a úsáid nuair is féidir, i.e. tacsaithe, busanna.

## Nós Imeachta Éigeandála i gcás imbhualadh

Má bhíonn baint agat le himbhualadh, ba chóir duit:

- D'fheithicil a stopadh ar an láthair nó chomh gar di agus is féidir. Gan bac a chur ar an trácht eile, más féidir.
- Má tá tú gortaithe nó má cheapann tú go bhféadfá a bheith gortaithe, ná bog, fan socair agus fan le cúnamh.
- Tabhair aire duit féin ar dtús. Má tá tú chun imeacht ón bhfeithicil, cuir ort seaicéad nó veist shofheicthe, rud ar chóir a bheith fáil éasca air san fheithicil.
- Tabhair cúnamh d'aon duine gortaithe. Cuir fios ar na Gardaí agus na seirbhísí éigeandála má tá duine gortaithe - diailigh 999 ar líne talún nó 112 ar fhón póca.
- Cuir an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do thiománaí na feithicle eile nó don úinéir talún
  - Ainm an seoladh an tiománaí a bhí i gceannas ar an bhfeithicil
  - Ainm agus seoladh úinéir na feithicle
  - Cláruimhir na feithicle
  - Sonraí árachais na feithicle
- Breac síos sonraí faoin imbhualadh
- Téigh i dteagmháil le do bhainisteoir a luaithe is féidir leat chun é nó í a chur ar an eolas faoin imbhualadh.
- Glac pictiúir den láthair, más féidir.
- Tuairiscigh an t-imbhualadh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, nuair is iomchuí - mar shampla, má bhíonn duine gortaithe go dona nó má bhíonn duine tar éis bháis mar thoradh ar an imbhualadh. Is féidir teacht ar na sonraí ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)